Comhairle an Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 23 Meitheamh 2023
(OR. en)

10278/2/23
REV 2

LIMITE

AG 46
PE 60
INST 197
FREMP 177

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0902(APP)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) / An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9603/23, 7582/23 |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) an 27 Meitheamh 2023 ullmhúchán<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE maidir le toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, lena n-aisghairtear Cinneadh 76/787/CEGC, CEE, Euratom ón gComhairle agus an Ionstraim maidir le toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach atá i gceangal leis an gCinneadh sin ('Dlí Toghcháin Eorpach')<br>- Staid na himeartha |

1. I mí na Bealtaine 2022, thíolaic Parlaimint na hEorpa Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, lena n-aisghairtear Cinneadh 76/787/CEGC, CEE, Euratom ón gComhairle agus an Ionstraim maidir le toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach atá i gceangal leis an gCinneadh sin.

2. Phléigh an Chomhairle an togra ag cruinnithe éagsúla, ar an leibhéal teicniúil agus ar an leibhéal polaitiúil araon. Tar éis malartú tuairimí sa Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta an 3 Márta 2023, sheol an Uachtaránacht suirbhé (7582/23) an 30 Márta 2023[1] d'fhonn soiléireacht níos fearr agus leibhéal níos mionsonraithe anailíse a sholáthar ar sheasaimh na dtoscaireachtaí maidir leis an togra.

[1] 7582/23

3. Arna iarraidh sin don Uachtaránacht, d’ullmhaigh Ardrúnaíocht na Comhairle achoimre mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, bunaithe ar na freagraí a fuarthas ó 24 Bhallstát an 8 Meitheamh 2023.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an tuarascáil a thabhairt dá aire agus í a chur faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta d’fhonn tuairimí a mhalartú maidir leis an Dlí Toghcháin Eorpach ag an gcruinniú a bheidh aici an 27 Meitheamh.

PUBLIC

# Achoimre ar an suirbhé ar an Dlí Toghcháin

PUBLIC

## I. RÉAMHRÁ

1. **Inneachar:** Tugtar forléargas sa tuarascáil achomair (Cuid II) ar bharúlacha na mBallstát lena ndéantar forálacha an dréacht-Rialacháin a chatagóiriú ina dtrí ghrúpa:

- forálacha a bhfuiltear ag cur ina gcoinne go forleathan agus/nó go láidir[2];
- forálacha a tharraingíonn anuas ceisteanna agus a éilíonn tuilleadh dianphlé[3]; agus
- forálacha a fhaigheann an tacaíocht is mó[4].

2. **Modheolaíocht:** Is é is aidhm don tuarascáil achomair forléargas ginearálta a thabhairt ar bharúlacha agus ar sheasaimh na mBallstát maidir le gach ceann de na hAirteagail sa togra ó Pharlaimint na hEorpa. Bhí éagsúlacht mhór idir leibhéal freagartha agus bonn cirt na mBallstát: ó tic a chur le boscaí go dtí tuairimí a chur ar fáil nó foclaíocht eile a mholadh. Gan dul thar fóir ar fad, is é is aidhm don tuarascáil achomair cur síos a dhéanamh ar na tuairimí ginearálta atá ann, na barúlacha is coitianta idir na Ballstáit, chomh maith le héagsúlacht na dtuairimí a chuirtear in iúl a thaispeáint trí shamplaí a thabhairt.

## II. TUARASCÁIL ACHOMAIR

### A. Barúlacha ginearálta maidir leis an togra

3. **Cuspóirí:** D'ainneoin an seasamh atá acu maidir le forálacha aonair, d'fhéadfadh roinnt Ballstát glacadh le gnéithe áirithe den Ionstraim Thoghcháin a choigeartú chun na rialacha a chur in oiriúint don todhchaí. Cé gur thuig cuid acu na buntáistí a bhainfeadh le himeacht ó na 27 samhail éagsúla toghchán atá ann faoi láthair go haon toghchán Eorpach amháin, luaigh líon mór Ballstát an easpa ráiteas mionsonraithe maidir le prionsabail na coimhdeachta agus

[2] Chuir líon mór Ballstát tic sa bhosca 'do-ghlactha' agus/nó léirigh tuairimí láidre ina choinne.

[3] Chuir líon mór Ballstát tic sa bhosca 'le plé', chuir roinnt Ballstát tic sa bhosca 'do-ghlactha' agus/nó léirigh siad tuairimí láidre ina choinne.

[4] Chuir líon mór Ballstát tic sa bhosca 'inghlactha', léirigh roinnt Ballstát go raibh deacrachtaí éagsúla fós nár mhór a phlé agus/nó líon níos lú a léirigh a seasamh ina choinne.

na comhréireachta a chomhlíonadh agus tionchar airgeadais an togra. B'fhearr leis na toscaireachtaí sin go leanfaí de rialáil thoghcháin Pharlaimint na hEorpa a láimhseáil ar an leibhéal náisiúnta.

PUBLIC

4. **Foirm na hIonstraime:** Ba bheag an tacaíocht a bhí ann do reachtaíocht a rith ar nósanna imeachta toghcháin trí bhíthin rialacháin. Chuir líon mór Ballstát in iúl go raibh amhras orthu, agus tá roinnt acu go láidir i gcoinne fhoirm reatha na hIonstraime Toghcháin a athrú fiú, agus é á áitiú acu go n-ardófaí ábhair imní dhlíthiúla le rialachán lena leagfaí síos nós imeachta toghcháin aonfhoirmeach agus go mbeadh neamhréireachtaí ann idir na rialacha a bhaineann le toghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus na rialacha a bhaineann le toghcháin náisiúnta.

## B. Forálacha a bhfuiltear ag cur ina gcoinne go forleathan agus/nó go láidir

5. Chuir tromlach na mBallstát i gcoinne phróiseas an **iarrthóra tosaigh** (aithris 8) ar an bhforas go raibh sé ag teacht salach ar an gcothromaíocht institiúideach a leagtar amach sa Chonradh, go mbainfí an bonn de ról neamhchlaonta an Choimisiúin agus go mbeadh sé i bhfabhar iarrthóirí ó na Ballstáit mhóra.

6. Chuir líon mór Ballstát in iúl nach raibh bhféadfaidís tacú le liostaí trasnáisiúnta mar gheall ar shaincheisteanna tromchúiseacha dlíthiúla agus institiúideacha, easpa cuntasachta agus ionadaíochta ar shaoránaigh, agus dlisteanacht fheisirí Pharlaimint na hEorpa arna dtoghadh ó liostaí trasnáisiúnta. Ina theannta sin, chuir siad in iúl nach bhfuil struchtúr ná eagrú páirtithe polaitiúla Eorpacha oiriúnach chun na críche sin. Dá bhrí sin, chuir roinnt Ballstát i gcoinne aon tagairt don toghlach uile-Aontas tríd an téacs síos (dá ngairtear tagairt chonspóideach). Is beag Ballstát i gcoitinne a thacaigh leis na **liostaí trasnáisiúnta** a leagtar amach in Airteagal 15, agus léirigh roinnt *caveati*, go háirithe maidir leis na sonraí oibríochtúla. Leag Ballstát amháin amach togra malartach chun liostaí trasnáisiúnta a shainiú agus a chur i ngníomh. Chuir grúpa eile Ballstát amhras in iúl, ach bhí siad sásta tuilleadh plé a dhéanamh.

7. An Ballstát sin a mhol córas nua le haghaidh liostaí trasnáisiúnta, mhol chomh maith Airteagal 28 athbhreithnithe lena gcruthófaí **Údarás Eorpach um Thoghcháin.** Tá amhras áfach ar líon mór de na Ballstáit i leith údarás den sórt sin a bheadh nasctha le toghlach uile-Aontais – ní fheiceann siad breisluach an údaráis sin agus dár leo níl sé soiléir conas a

mhaoineofaí é. Chuir na Ballstáit sin i gcoitinne i gcoinne aon tagairt dó tríd an téacs síos (dá ngairtear tagairt chonspóideach thíos).

8. D'ainneoin go bhforáiltear sa togra don fhéidearthacht aois vótála níos airde a shocrú, tá cur i gcoinne láidir agus forleathan in aghaidh **an aois vótála a shocrú ag 16 bliana d'aois** (Airteagal 4). Seo a leanas cuid de na hargóintí a rinne na Ballstáit: dhiúltaigh Parlaimint náisiúnta amháin don togra le déanaí; ní foláir an aois vótála a bheith comhsheasmhach le haois vótála na dtoghchán náisiúnta; níl aon údar le himeacht ó chóras náisiúnta agus níl an tacaíocht phoiblí ann i roinnt Ballstát chun an aois a ísliú mar sin. Bhí ceisteanna ag roinnt Ballstát agus ba ábhar imní dóibh chomh maith an nath **'beag beann ar a n-inniúlacht dhlíthiúil'** agus an téarma **'daoine faoi mhíchumas'**. Ar an gcaoi chéanna, cuireadh i gcoinne **an chirt chun seasamh mar iarrthóir ó 18 mbliana d'aois** (Airteagal 5).

9. D'ainneoin roinnt tacaíochta, bhí lear mór i gcoinne na h**oibleagáide chun postvótáil** (Airteagal 8(1)) a thabhairt isteach ar fhorais indéantachta, ábhar imní slándála, éiginnteacht maidir leis an raon feidhme agus comhoiriúnacht leis na córais náisiúnta. Is é an dála céanna é maidir le mír 2 i dtaobh féidearthachtaí breise vótála. B'fhearr le formhór na mBallstát córas deonach mar a bhí sa Chinneadh in 2018.

10. Bhí tromlach na mBallstát go láidir i gcoinne choincheap an **Rolla Toghthóirí Eorpaigh** (Airteagal 9), coincheap a mheas siad a bheith gan údar, míréasúnta agus ag dul thar fóir, agus mar sin d'iarr siad go mbainfí na tagairtí sin den téacs. Mhol Ballstáit eile go ngiorrófaí an spriocdháta chun an Rolla Toghthóirí a bhunú.

11. Bhí roinnt Ballstát i gcoinne cuótaí dochta maidir le h**inscne** (Airteagal 10(1)) a fhorchur ar pháirtithe polaitiúla, ba cheart go bhféadfaidís iarrthóirí a ainmniú gan bhac. Bhí an tagairt do '**neamhdhénártha**' do-ghlactha do roinnt daoine.

12. D'iarr formhór na mBallstát níos mó ama chun **liostaí na n-iarrthóirí a chur síos** (Airteagal 11), nó bhí siad i gcoinne an mholta do 12 sheachtain ag áitiú go raibh sé éagórach, míréasúnta agus contrártha do na córais náisiúnta.

13. Níl sé inghlactha do roinnt Ballstát comhchuibhiú a dhéanamh ar rialacha agus ar chleachtais náisiúnta maidir le **feachtais toghcháin** (Airteagal 17) agus cuireann sé amhras ar roinnt


PUBLIC

Ballstát eile. Chuir na Ballstáit i bhfios go láidir, le cúiseanna eile, an drochthionchar a bheadh ar chleachtais agus ar thraidisiúin náisiúnta atá seanbhunaithe agus ar speansais feachtais.

PUBLIC

14. Chuir tromlach mór na mBallstát i gcoinne **aon lá toghcháin amháin** (Airteagal 19(1)) mar gheall ar shaincheisteanna a bhaineann le coimhdeacht, deacrachtaí oibríochtúla, an baol go mbeadh níos lú daoine ag vótáil agus nach mbeadh sé ag teacht le traidisiúin bhunreachtúla. D'fhéadfadh trí Bhallstát a marana a dhéanamh ar thréimhse vótála ó Déardaoin go Domhnach agus an 9 Bealtaine san áireamh, ach b'fhearr le Ballstáit eile go ndéanfaí an buntéacs a shoiléiriú. Tugadh níos mó tacaíochta do ghnéithe eile ar nós **gníomhaíocht pholaitiúil gar do stáisiúin vótaíochta** (mír 2), **uaireanta vótála** (mír 3) agus **eisiúint na dtorthaí** (mír 4), ach mar sin féin bhí go leor Ballstát go láidir ina gcoinne ar an bhforas, den chuid is mó, gur cheart iad a rialáil ar an leibhéal náisiúnta.

15. Ní féidir le roinnt Ballstát glacadh le hAirteagal 20(1) maidir le **fógairt thorthaí an toghcháin**, cuid acu mar gheall ar thagairtí conspóideacha (féach pointí 6 agus 7), cuid eile acu ag tagairt do réamhrialú ón gCúirt Bhreithiúnais atá le teacht, agus cuid eile a chuireann i bhfios gur cheart na cúrsaí seo a rialáil ar an leibhéal náisiúnta.

## C. Forálacha a tharraingíonn anuas ceisteanna agus a éilíonn tuilleadh dianphlé

16. Tá roinnt Ballstát i gcoinne **sainmhínithe** a leagan síos (Airteagal 2), ag áitiú go mbeadh an córas casta agus doiléir ó thaobh an dlí de, agus gurbh fhearr a bhféadfaí é a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta, ach tá an tromlach sásta tuilleadh plé a dhéanamh. Is cosúil gurb iad na sainmhínithe is mó a bhfuil fadhbanna ag baint leo ná na sainmhínithe a bhaineann le 'comhlachas vótálaithe' (mír 2), 'comhghuaillíocht Eorpach de pháirtithe polaitiúla náisiúnta agus/nó comhlachais vótálaithe' (mír 3), 'páirtí polaitiúil Eorpach' (mír 4), 'comhlachas Eorpach vótálaithe' (mír 5), 'comhghuaillíocht toghcháin Eorpach' (mír 6) agus 'liosta uile-Aontais' (mír 9). Is cosúil gurb iad na príomhchonstaicí an neamhréireacht idir na sainmhínithe sin agus dlíthe náisiúnta atá ann cheana (féach pointí 6 agus 7).

17. Léiríodh spéis i bh**feidhmiú an chirt vótála** (Airteagal 6), cé go raibh ceisteanna ann faoi shaincheisteanna a bhaineann leis an raon feidhme, ar ceisteanna iad nach mór i gcás Ballstáit áirithe vótáil ó thríú tíortha a eisiamh. Chuir roinnt Ballstát i gcoinne mhír 2 maidir le saoránaigh a bhfuil pianbhreith príosúnachta á cur isteach acu, ach bhí tromlach mór ina fhabhar.

18. Is léir go bhfuil na Ballstáit i gcoitinne sásta Airteagal 12 maidir leis an g**córas toghcháin** (bunaithe ar an bhfoclaíocht ó 2018 agus gan na liostaí trasnáisiúnta) a phlé.

19. Chuir na Ballstáit in iúl go gcaithfear plé a dhéanamh ar Airteagal 13 maidir leis an **tairseach thoghcháin** chun roinnt tagairtí conspóideacha a bhaint (féach pointí 6 agus 7), agus chun nach ndéanfaí páirtithe atá ann cheana a eisiamh nó prionsabal na vótála comhionainne agus na hiomaíochta comhionainne idir páirtithe a shárú. Is cosúil go mbaineann na príomh-shaincheisteanna leis an tairseach 3.5 % (agus moladh ann an réimse a shocrú ag 2-5 % ina ionad) agus le mír 4 maidir le mionlaigh.

20. Dá mbainfí amach tagairtí don toghlach uile-Aontais, don Údarás Eorpach um Thoghcháin agus don Rolla Toghthóirí Eorpach, d'fhéadfadh líon mór Ballstát tuilleadh plé a dhéanamh ar Airteagal 18 maidir le h**údaráis teagmhála** ar bhonn na foclaíochta ó 2018. Ar na saincheisteanna a ndíreofaí orthu bheadh amlínte, raon feidhme sonraí, agus an gá atá le freastal ar an gcás i roinnt Ballstát ina láimhseálann údaráis éagsúla sonraí ó vótálaithe agus ó iarrthóirí.

21. Bhí tacaíocht mhór ann d'Airteagal 23 maidir le **fíorú na ndintiúr**, (seachas na tagairtí conspóideacha, féach pointí 6 agus 7). Beidh plé riachtanach go háirithe chun ról na Parlaiminte a shoiléiriú.

22. Beidh dianphlé riachtanach chun déileáil le liosta mór ceisteanna faoi Airteagal 27(7) maidir le **saoire speisialta**.

23. Tá an oiread céanna Ballstát fabhrach d'Airteagal 29 agus dá **nós imeachta coiste** agus atá de Bhallstáit nár léirigh a seasamh go fóill ina thaobh. Theastaigh soiléirithe ó chuid eile nó rinne siad moltaí malartacha. Tá líon beag Ballstát ina choinne.

24. Ag brath ar thoradh an phlé ar an tsubstaint, caithfear tuilleadh plé a dhéanamh ar na forálacha críochnaitheacha in Airteagal 31 maidir leis an g**clásal athbhreithnithe** agus in Airteagal 32 maidir le **teacht i bhfeidhm**.

## D. Forálacha a fhaigheann an tacaíocht is mó

25. Fuair na forálacha seo a leanas an tacaíocht is forleithne ag an gcéim seo:



PUBLIC

- Airteagal 3 maidir le **forálacha náisiúnta** (is í mír 3 an ghné is deacra);
- Airteagal 4(2) maidir le **vótáil dhúbailte** agus Airteagal 4(3) maidir le **pionóis**;
- Airteagal 5(2) maidir le **seasamh dúbailte**;
- Airteagal 7 maidir le h**inrochtaineacht;**
- Airteagal 13(1) maidir leis an **tairseach** íosta do leithdháileadh suíochán nach mbeidh níos mó ná 5 % de na vótaí bailí arna gcaitheamh;
- Airteagal 14 lena gceadaítear *inter alia* do Bhallstáit **toghlaigh** aonair a bhunú le haghaidh toghcháin;
- Airteagal 16 maidir le **feachtais toghcháin na n-eintiteas toghcháin Eorpach a mhaoiniú;**
- Airteagal 19(5) maidir leis an 9 Bealtaine a bheith ina **lá saoire náisiúnta**;
- Airteagal 20(2) maidir le **torthaí an toghcháin a fhoilsiú** (seachas tagairtí conspóideacha, féach pointí 6 agus 7);
- Airteagal 21 maidir leis **an téarma parlaiminteach agus sainordú** agus Airteagal 22 maidir le **comóradh na Parlaiminte** (cé is moite de Bhallstát amháin atá ina choinne toisc go n-aithneodh sé go hintuigthe an lá vótála aonair agus thug Ballstát eile le fios nach bhfuil sé faoin raon feidhme);
- Bhí tacaíocht mhór ann d'Airteagal 24 maidir le **neamhréireachtaí** agus an *caveat* ann go gcaithfeadh roinnt Ballstát saincheist na neamhréireachtaí leis na sainorduithe réigiúnacha a réiteach, agus go gcaithfeadh cuid acu na tagairtí conspóideacha a bhaint (féach pointí 6 agus 7) agus mheas Ballstáit eile nach bhfuil sé sin faoin raon feidhme;
- Airteagal 25 maidir le **gníomhaíochtaí parlaiminteacha seachtracha** (measann Ballstát amháin nach bhfuil sé sin faoin raon feidhme);
- Tá Airteagal 26 maidir le **vóta pearsanta agus neamhspleách** inghlactha den chuid is mó ag tromlach mór na mBallstát, go dtí go mbeidh díospóireacht ann ar an raon feidhme agus idirghníomhaíocht leis an bPrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí;
- Is féidir le tromlach mór na mBallstát glacadh leis an gcuid is mó d'Airteagal 27(1) go (6) maidir le **folúntais**, go dtí go mbeidh díospóireacht ann maidir le raon feidhme agus go mbainfear amach tagairtí conspóideacha (féach pointí 6 agus 7).

PUBLIC